Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Eanáir 2025
(OR. en)

16990/24
PV CONS 69
TRANS 551
TELECOM 385
ENER 609

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

16 Nollaig 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16716/24.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** — 16782/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) — 16783/24

**Iompar**

1. **Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 11.12.2024

16534/1/24 REV 1
+ **REV 1** ADD 1
PE-CONS 77/24
TRANS

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ghearmáin agus Lucsamburg ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 91(1)(c) CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

2. **Rialachán maidir le hairm thine (athmhúnlú)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 11.12.2024

16477/24 + ADD 1
PE-CONS 87/24
UD

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an tSeicia agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagail 33 agus 207 CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**An Comhshaol**

3. **Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 11.12.2024

❶C 16533/24 + ADD 1
PE-CONS 73/24
ENV

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus Málta agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht**

4. **Rialachán maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 11.12.2024

❶C 16483/24
PE-CONS 71/24
MI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

5. **Treoir lena leasaítear Treoracha 2009/102/CE agus (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 11.12.2024

❶C 16479/24
PE-CONS 74/24
DRS

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 50(1), 50(2) agus 114 CFAE).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3. Fuinneamh geoiteirmeach**

(a) **Tuarascáil maidir le Todhchaí an Fhuinnimh Gheoiteirmigh ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA)**[1] — 16797/24
*Cur i láthair ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin IEA*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne Stiúrthóir Feidhmiúcháin IEA ar an tuarascáil maidir le Todhchaí an Fhuinnimh Gheoiteirmigh ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA).

(b) **Conclúidí maidir le fuinneamh geoiteirmeach a chur chun cinn** — 16248/24
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí maidir le fuinneamh geoiteirmeach a chur chun cinn.

**4. Todhchaí an bheartais fuinnimh i bhfianaise fíor-Aontas Fuinnimh** — 16291/24
*Malartú tuairimí*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le todhchaí an bheartais fuinnimh i bhfianaise fíor-Aontas Fuinnimh.

**Aon ghnó eile**

**5.** (a) **Obair leantach ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le hEangacha Fuinnimh** — 16690/24, 16730/24
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún agus an Uachtaránacht ar fáil.

(b) **Comhdháil maidir leis an bPlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET) (Búdaipeist, an 14 agus an 15 Samhain 2024)** — SN 16691/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

[1] Agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin IEA i láthair.

**(c)** **I dtreo breoslaí níos glaine a onnmhairiú: tiomantas don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol** [2] 16729/24
*Faisnéis ón mBeilg, ó Lucsamburg agus ón Ísiltír*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír ar fáil.

(d) Tionchar an mhuirir neodrachta maidir le stóráil gáis agus an gá atá le comhordú níos fearr ar an leibhéal Eorpach 16688/24
*Faisnéis ón Ostair, ón tSeicia agus ón tSlóvaic*

(e) Ullmhacht don gheimhreadh 2024/2025 agus slándáil an tsoláthair 16731/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(f) Na forbairtí is déanaí sa chaidreamh seachtrach i réimse an fhuinnimh 16723/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(g) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón bPolainn*

---

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 16783/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Tá an Ghearmáin go mór i bhfabhar aidhm na Treorach, is é sin, an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Go háirithe, mar thoradh ar an bhféidearthacht a bheidh ann amach anseo maidir le comhar trasteorann chun daoine a rinne cionta tráchta ar bhóithre a shainaithint, cuirfear feabhas ar fhorfheidhmiú agus ar ionchúiseamh cionta tráchta.

Tá an Ghearmáin ag staonadh de bharr nár pléadh, ar an drochuair, na socruithe maidir leis an gcúnamh frithpháirteach i bhforfheidhmiú na bhfíneálacha sna comhlachtaí atá inniúil ar chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla sa chreat dlíthiúil atá ann cheana (Cinneadh Réime 2005 214 CGB). Dá thoradh sin, tá éagsúlachtaí agus easnaimh nach bhfuil údar leo sa leibhéal cosanta do na daoine lena mbaineann sna socruithe maidir le cúnamh forfheidhmiúcháin anois. Dá bharr sin, ar an drochuair, beidh ualach suntasach breise ag baint leis an bhforfheidhmiú nuair a chuirtear na socruithe chun feidhme.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le hairm thine (athmhúnlú)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN tSEICIA AGUS ÓN tSLÓVAIC**

'Thug Poblacht na Seice agus Poblacht na Slóvaice tacaíocht leanúnach don togra, cé is moite de roinnt eisceachtaí maidir le raon feidhme, digiteáil, córais simplithe agus fad na n-údaruithe etc. Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice agus do Phoblacht na Slóvaice gur glacadh le formhór na dtograí uathu le linn na gcruinnithe tríthaobhacha freisin. Chuir an dá Bhallstát in iúl freisin go bhfuil siad sásta teacht ar chomhréiteach.

Ar an taobh eile, d'iarramar go n-athrófaí raon feidhme an togra, chun gach arm tine a liostaítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a eisiamh ó raon feidhme an rialacháin mar a chuireamar in iúl cheana le linn na caibidlíochta. Chun deimhneacht dhlíthiúil a bhaint amach agus chun costais phoiblí agus phríobháideacha araon a shábháil, mhol Poblacht na Seice agus Poblacht na Slóvaice go ndéanfaí allmhairiú agus onnmhairiú arm tine a liostaítear in Iarscríbhinn I agus sa Liosta Comhchoiteann Míleata araon a eisiamh ó raon feidhme an togra.

Measann Poblacht na Seice agus Poblacht na Slóvaice go gcuirfidh nósanna imeachta éagsúla maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú mearbhall ar lucht an tionscail agus ar ghnólachtaí. Bheadh ar iarratasóir a bheadh ag déileáil leis na hearraí céanna iarratas a dhéanamh ar údarú onnmhairiúcháin faoin reachtaíocht náisiúnta maidir le honnmhairiú earraí míleata, a rialófar a thuilleadh le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle, agus ar údarú allmhairiúcháin faoin Rialachán. Bheadh na hoibleagáidí a bhaineann le nósanna imeachta éagsúla difriúil, rud a d'fhéadfadh ualaí a chur ar ghnólachtaí. Bheadh fadhbanna ag na húdaráis maidir le cigireacht agus bailiú sonraí, chomh maith le heisiúint deimhnithe agus lena ndearbhú.

Dar le Poblacht na Seice agus Poblacht na Slóvaice, ba cheart teorainn dhocht a bheith ann idir an trádáil idirnáisiúnta in airm thine mhíleata (a mheastar mar threalamh míleata agus a rialaítear faoin reachtaíocht náisiúnta) agus an trádáil idirnáisiúnta in airm thine shibhialtacha (a rialaítear leis an Rialachán). Ba mhaith le Poblacht na Seice agus Poblacht na Slóvaice a chur i bhfios go láidir nach ndéanfadh eisiamh arm tine a liostaítear ar an Liosta Comhchoiteann Míleata difear do na nósanna imeachta údarúcháin atá ann cheana sna Ballstáit. Tá na nósanna imeachta sin ag feidhmiú agus d'fhéadfaidís a bheith níos déine fós i bhfianaise íogaireacht na n-earraí míleata.

Bunaithe ar an ráiteas thuasluaite, ní féidir le Poblacht na Seice ná le Poblacht na Slóvaice tacú le téacs comhréitigh an togra mar atá sé faoi láthair. Dá bhrí sin, staonaimid ón vótáil ar an téacs atá beartaithe.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Aithníonn Málta a thábhachtaí atá an togra reachtach seo darb aidhm dlús a chur le hinbhuanaitheacht na pacáistíochta agus tionchar na dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú. Ba mhaith le Málta aitheantas a thabhairt don dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le gnéithe éagsúla, ina measc an díolúine do mhicrifhiontair áirithe ón nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an fachtóir ceartúcháin turasóireachta.

Tugann Málta dá aire, áfach, cineál idirdhealaitheach na díolúine ó na spriocanna athúsáide, a bhunaítear feasta ar fheidhmíocht bainistithe dramhaíola na mBallstát seachas ar fheidhmíocht na n-oibreoirí eacnamaíocha spriocdhírithe.

Measann Málta freisin go mbeidh deacrachtaí ag baint leis an oibleagáid atá ar chórais aisíoctha éarlaise a lipéad náisiúnta a bheith acu, toisc go méadóidh sé an t-ualach lóistíochta agus riaracháin ar dháileoirí áitiúla a bhíonn ag brath go mór ar dheochanna allmhairithe.

Ar deireadh, tá imní ar Mhálta faoin gcaoi a mbeidh na Ballstáit, go háirithe na Ballstáit bheaga, in ann na spriocanna laghdaithe dramhaíola ó phacáistíocht atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhaint amach, go háirithe sprioc 2030, go háirithe ós rud é gur caolaíodh ceanglais chomhchuibhithe áirithe maidir le hOibreoirí Eacnamaíocha in Iarscríbhinn V agus gur cuireadh síneadh lena spriocdháta cur chun feidhme go dtí 2030.'

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Tacaíonn an Ostair le bearta soiléire, uaillmhianacha agus infhorfheidhmithe i réimse na pacáistíochta agus deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil. Ní chomhlíonann an rialachán maidir le pacáistíocht an cuspóir sin go hiomlán, áfach. Tá an chothromaíocht idir an chosaint chomhshaoil, an t-ualach riaracháin agus an t-iomaíochas ar lár.

Tá ábhair imní maidir leis an méid seo a leanas:

- ualach trom riaracháin agus méaduithe ar chostais nach léir aon bhuntáiste don chomhshaol a bheith ag baint leo, mar shampla i réimse na hathúsáide,
- na bearta casta cur chun feidhme is gá faoin rialachán agus
- fadhbanna forfheidmiúcháin, e.g. maidir le freagracht an táirgeora i ndáil le tríú tíortha.

Ba cheart ábhar sonrach na rialacha a fhorchoimeád don fhoirm dhlíthiúil de threoir.

De thoradh na n-ábhair imní sin, staonfaidh an Ostair ón vótáil dheireanach.'